

An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13738/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0288 (NLE)

UK 196
JAI 1218
COPEN 359
IXIM 205

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 496 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh iarrataí ar bhearta sealadacha agus ar choigistiú dá dtagraítear in Airteagal 678(4) agus (5) den Chomhaontú sin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 496 final.

Faoi iamh: COM(2026) 496 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.9.2026
COM(2026) 496 final

2026/0288 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh iarrataí ar bhearta sealadacha agus ar choigistiú dá dtagraítear in Airteagal 678(4) agus (5) den Chomhaontú sin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Togra maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile¹ (dá ngairtear ‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’ anseo feasta), a mhéid a bhaineann le leasú ar na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh iarrataí ar bhearta sealadacha agus ar choigistiú dá dtagraítear in Airteagal 678(4) agus (5) den Chomhaontú sin.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe

Bunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair an bunús le haghaidh caidreamh leathan idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, laistigh de limistéar rathúnais agus dea-chomharsanúlachta arb é is príomhthréith ann dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar chomhar, agus neamhspleáchas agus ceannasacht na bPáirtithe á urramú acu. Tar éis an Comhaontú Trádála agus Comhair a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021. Bunaíodh leis an gComhaontú Trádála agus Comhar freisin Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach, i measc rudaí eile.

2.2. An Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach

Bunaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair roinnt comhchomhlachtaí, lena n-áirítear an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach (dá ngairtear ‘an Coiste Speisialaithe’ anseo feasta), ar ‘comhlacht arna chur ar bun le comhaontú’ é de réir bhrí Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Bunaítear an Coiste Speisialaithe chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a chumhdaítear le Cuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair, dar teideal ‘Forfheidhmiú an Dlí agus Comhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla’.

Maidir le saincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta, tá sé de chumhacht ag an gCoiste Speisialaithe, i measc nithe eile, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhar, cúnamh a thabhairt don Chomhairle Comhpháirtíochta i gcomhlíonadh a cúraimí agus cinntí, lena n-áirítear leasuithe, agus moltaí a ghlacadh i leith na n-ábhar uile dá bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú Trádála agus Comhair nó in aon chomhaontú forlíontach.

2.3. Gníomh beartaithe an Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach

I gcomhréir le hAirteagal 678(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh an Coiste Speisialaithe leasú a dhéanamh ar na foirmeacha caighdeánacha dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 den Airteagal sin agus a leagtar amach in Iarscríbhinn 46 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, de réir mar is gá (‘an gníomh atá beartaithe’)

¹ IO L 149, 30.4.2021, lgh. 10–2539.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an ngníomh atá beartaithe, féachtar leis na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh iarrataí ar bhearta sealadacha agus ar choigistiú dá dtagraítear in Airteagal 678(4) agus (5) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, atá in Iarscríbhinn 46 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, a ailíniú le ceanglais oibríochtúla Theideal XI den Chomhaontú Trádála agus Comhair, lena rialaítear comhar breithiúnach chun sócmhainní a reo agus a choigistiú. Is é is aidhm dó sin deireadh a chur le débhríochtaí sna foirmeacha atá ann faoi láthair, ós rud é go bhfuil sé cruthaithe go mbíonn tionchar ag léirmhíniú ranna áirithe de na foirmeacha atá ann faoi láthair ar chomhar éifeachtach sa chleachtas.

Is chun leas an Aontais é deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú trína áirithiú go mbeidh na foirmeacha caighdeánacha ailínithe go hiomlán le forálacha oibríochtúla an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair lena mbaineann. Dhréachtaigh saineolaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe i gcomhpháirt le chéile togra le haghaidh na bhfoirmeacha leasaithe a leagtar amach sa dréacht-Chinneadh ón gCoiste Speisialaithe atá i gceangal leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí reatha sna foirmeacha le ceanglais an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, agus tuairimí cleachtóirí sa Ríocht Aontaithe agus tuairimí na mBallstát á gcur san áireamh.

Ós rud é, i gcomhréir le hAirteagal 678(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, go bhféadfaidh an Coiste Speisialaithe na foirmeacha caighdeánacha dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 den Airteagal sin (Iarscríbhinn 46 den Chomhaontú Trádála agus Comhair) a leasú de réir mar is gá, ní mór an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe a bhunú.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. *Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear ‘na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlínfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.’

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap ‘gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d’fhéadfadh ‘tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh’².

4.1.2. *Feidhm maidir leis an gcás seo*

Comhlacht a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Comhaontú Trádála agus Comhair, is ea an Coiste Speisialaithe.

I gcomhréir le hAirteagal 678(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh an Coiste Speisialaithe leasú a dhéanamh ar na foirmeacha caighdeánacha dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 den Airteagal sin (Iarscríbhinn 46 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair), de réir mar is gá. A luaithe a ghlacfar iad, déanfar iarrataí trí úsáid a bhaint as na

² Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v An Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

foirmeacha caighdeánacha nua sin. Dá bhrí sin, tá éifeacht dlíthiúil ag an ngníomh atá beartaithe. Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt d'orduithe reo agus coigistíochta.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 82(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 82(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

De bhrí go leasófar na foirmeacha da dtagraítear i míreanna 4 agus 5 d'Airteagal 678 den Chomhaontú Trádála agus Comhair (Iarscríbhinn 46 den Chomhaontú Trádála agus Comhair) leis an ngníomh ón gCoiste Speisialaithe, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpach sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh iarrataí ar bhearta sealadacha agus ar choigistiú dá dtagraítear in Airteagal 678(4) agus (5) den Chomhaontú sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 82(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe³,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (dá ngairtear ‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’ anseo feasta) i bhfeidhm an 1 Eanáir 2021 agus bunaíodh Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach leis.
- (2) De bhun Airteagal 678(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh an Coiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach leasú a dhéanamh ar na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh iarrataí ar bhearta sealadacha agus ar choigistiú dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5 den Airteagal sin de réir mar is gá.
- (3) Le leasú ar na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh iarrataí ar bhearta sealadacha agus ar choigistiú dá dtagraítear in Airteagal 678(4) agus (5) (Iarscríbhinn 46 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair), áiríteofar ailíniú iomlán na bhfoirmeacha sin le ceanglais an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus feabhsófar an comhar éifeachtach.

³ IO L 149, 30.4.2021, lch. 2.

- (4) Beidh cinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach i ndáil le leasú ar na foirmeacha caighdeánacha le haghaidh iarrataí ar bhearta sealadacha agus ar choigistiú dá dtagraítear in Airteagal 678(4) agus (5) ina cheangal ar an Aontas.
- (5) Dá bhrí sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach a bhunú.
- (6) Tá an Comhaontú Trádála agus Comhair ina cheangal ar na Ballstáit uile de bhua Chinneadh (AE) 2021/689, Cinneadh a bhfuil Airteagal 217 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina bhunús dlí substainteach aige.
- (7) Tá an Danmhairg agus Éire faoi cheangal ag Cuid a Trí den Chomhaontú Trádála agus Comhair de bhua Chinneadh (AE) 2021/689 agus dá bhrí sin tá siad rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo lena gcuirtear an Comhaontú Trádála agus Comhair chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach arna bhunú le hAirteagal 8(1)(r) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, is ar an Dréachtchinneadh ón gCoiste Speisialaithe um Fhorfheidhmiú an Dlí agus um Chomhar Breithiúnach atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bheidh sé bunaithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an [...].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*